C iste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe

(COUNTY GALWAY VOCATIONAL EDUCATION COMMITTEE)

Seosamh Mac Donncha
B.A., A.T.O., T.T.G.
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Chief Executive Officer

Coiléar Bán
Baile Átha an Rí
Co. na Gaillimhe
Teileafón: (091) 874260
Fax: (091) 874270
Email: enquiries@cogalvec.ie
Website: www.countygalwayvec.com

Fáiltíonn an Coiste roimh chomhfhreagras i nGaeilge nó i mBéarla.
The Committee welcomes correspondence in Irish or English.

FAOMHADH POLASAÍ SCOILE

Scoil: COLÁISTE AN EACHRÉIDH

Ghlac Coiste Gairmoideachais Cho. na Gaillimhe leis an bPolasaí Scoile seo a leanas: POLASAÍ UM OBAIR BHAILE

Le leasú / leasuithe ☐ gan leasú /leasuithe ☑

(cóipeanna den leasú /de na leasuithe iniata)

ag cruinniú den Choiste a tionóladh ar an 17ú SAMHAIN 2008

Sínithe: [signature]
Cathaoirleach an Choiste

Seosamh Mac Donncha
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Coláiste ... 1 DEC 2008

Colaiste An Eachréidh
26 MAR 2008

Polasaí Obair bhaile agus Dialann Obair bhaile

Baineann an polasaí le
Scoláirí, príomhoide, múinteoirí, tuismitheoirí, foireann tacaíochta na scoile.

Cúis
Chun leanúnachas oibre a chinntiú ionas go mbeidh an fhorbairt is fearr á dhéanamh ag scoláirí na scoile.

Aidhmeanna
- Go mbeidh tuiscint iomlán ag an scoláire ar obair an lae.
- Go mbeidh sé de chleachtadh ag na scoláirí dul siar a dhéanamh ar obair an lae.
- Go mbeidh taithí acu ar cheisteanna a fhreagairt mar a bheidh ar pháipéir scrúdaithe.
- Breis eolais a aimsiú.
- Chun scileanna taighde a fhorbairt i scoláirí.
- Go mbeidh aiseolas ag scoláire/tuismitheoir ón múinteoir ar chaighdeán na foghlamtha.

Ábhar
Cuirtear béim ar obairbhaile sa scoil mar chuid de fhorbairt oideachasúil an scoláire. Is ionann obairbhaile agus aon obair scríofa, foghlamtha nó taighde a thugann an múinteoir le déanamh taobh amuigh d'am scoile.

- Caithfidh gach scoláire dialann oifigiúil obairbhaile a bheith aige/aici, áit a gcaithfidh siad sonraí obairbhaile a scríobh go laethúil.
- Ba chóir do thuismitheoirí a cinntiú go bhfuil an obairbhaile déanta gach oíche agus an dialann a shiniú maidir le scoláirí blianta 1, 2 agus 3.
- Mura mbíonn an obair bhaile déanta is gá nóta a bheith sa dialann sínithe ag tuismitheoir/caomhnóir.
- Ní ghlacfar leis an leithscéal gur fhág an scoláire cóip leabhar/leabhar sa bhaile.
- Má tá scoláire gafa le himeachtaí eis-churaclaim tá sé de dhualgas orthu an obair bhaile a fháil agus é a dhéanamh.
- Scoláire a bhíonn gan obair bhaile go minic ní bheidh cead acu páirt a ghlacadh in imeachtaí eis-churaclaim.

Cur i bhfeidhm agus monatóireacht

- Múinteoirí ábhair go laethúil mar gnáth chuid dá gcuid cúraimí teagaisc.
- Déanfar plé ar chaighdeán an obair bhaile ag cruinniú múinteoirí/tuismitheoirí.
- Déanfaidh múinteoir taifead ar measúnú ar obairbhaile.
- Déanfar tagairt do chaighdeán an obair bhaile ar thuairisc a chuirtear abhaile, gach téarma.

Dialann Scoile

- Is den riachtanas é Dialann Scoile a bheith ag an dalta ar scoil gach lá.
- Is chun cabhrú le daltaí a gcuid oibre a eagrú atá an Dialann Scoile ann.
- Scríobhfaidh daltaí sonraí an obair bhaile sa Dialann chuile lá.
- Déanfaidh múinteoirí ábhair seiceáil laethúil ar an Dialann mar ghnáthchuid dá gcuid cúraimí teagaisc.
- Is áis freisin í, an Dialann Scoile, chun comhfhreagras idir an scoil agus an baile, agus idir múinteoirí agus tuismitheoirí a chothú.
- Iarrtar ar thuismitheoirí an Dialann Scoile a shíniú go seachtainiúil.
- Iarrtar freisin ar thuismitheoirí úsáid a bhaint as na nótaí, ar leathanaigh cúil na dialainne, chun as láithreachtaí a mhíniú.
- Má chailltear an Dialann Scoile beidh ar an dalta ceann nua a cheannacht.

Colaiste An Eachréidh
26 MAR 2008